1317.	Alexander Mikhailovich TERENTYEV (Александр Михайлович ТЕРЕНТЬЕВ)	Dáta breithe: 13.6.1961 Áit bhreithe: Verkhny Uslon, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is iarchomhalta den Chomhairle Cónaidhme é Alexander Terentyev a dhaingnigh, an 4 Deireadh Fómhair 2022, na ceithre chonradh idir Cónaidhm na Rúise agus Daon-Phoblacht Donetsk, Daon-Phoblacht Luhansk, réigiún Zaporizhzhia agus réigiún Kherson, agus a lánpháirtiú i gCónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, thacaigh sé le gníomhaíochtaí agus beartais agus chuir sé chun feidhme iad, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus dhíchobhsaigh sé an Úcráin a thuilleadh.	16.12.2022
1365.	Olga PISMENSKAYA (Ольга ПИСЬМЕНСКАЯ)	Dáta breithe: 21.7.1996 Áit bhreithe: Ní fios cén áit Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Ardleifteanant Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 361902474053	Tá an tArdleifteanant Olga Pismenskaya ina comhalta den Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise. Sa cháil sin, is príomhphearsa í in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha í, dá bhrí sin, an tArdleifteanant Olga Pismenskaya, atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, nó atá ag tacú leo nó atá á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1376.	Anton Yurievich TIMOSHINOV (Антон Юрьевич ТИМОШИНОВ)	Dáta breithe: 29.1.1986 Áit bhreithe: Ní fios cén áit Náisiúntacht: Rúiseach Grád: Leifteanantchoirnéal Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 773128151404	Is ceannasaí Aonad Réamhphleanála Diúracán ag Príomh-Ionad Ríomhaireachta na Foirne Ginearálta (GVC) d'Fhoireann Ghinearálta Fórsaí Armtha na Rúise é an Leifteanantchoirnéal Anton Timoshinov. Sa cháil sin, is príomhphearsa é in ionsaithe diúracán na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na hionsaithe a rinneadh ar spriocanna sibhialta, idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2022, inar maraíodh níos mó ná 30 duine agus inar gortaíodh níos mó ná 100 duine i mí Dheireadh Fómhair 2022 amháin. Is duine nádúrtha é, dá bhrí sin, an Leifteanantchoirnéal Anton Timoshinov, atá freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, atá ag tacú leo nó atá á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	16.12.2022
1383.	Andrey Leonidovich SIGUTA (Андрей Леонидович СИГУТА/ Андрій Леонідович СІГУТА)	Dáta breithe: 5.5.1979 Áit bhreithe: Berdyansk, Zaporizhzhia region, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann Seoladh: 26 30-letia Pobedi Blvd., Apt. 3, Melitopol, Zaporizhzhia region, an Úcráin Uimhir Aitheantais Chánach: 2897911059 (an Úcráin)	Is é Andriy Leonidovich Siguta iarcheann gníomhach atá ceaptha ag an Rúis ar riarachán míleata-sibhialta cheantar Melitopol. Ina ról, rinne sé maoirseacht ar urghabháil táirgí talmhaíochta agus gráin na hÚcráine lena n-aistriú isteach sa Rúis. Tá Andrey Leonidovich Siguta ag feidhmiú faoi láthair mar Aire Gníomhach Talmhaíochta agus Beartais Bia i Réigiún Zaporizhia na hÚcráine atá faoi fhorghabháil agus is comhalta den pháirtí United Russia é. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1397.	Igor Yuryevich BABUSHKIN Игорь Юрьевич БАБУШКИН	Dáta breithe: 5.4.1970 Áit bhreithe: Rybinsk, Yaroslavl region, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 773460814022	Is gobharnóir Astrakhan Oblast é Igor Babushkin, arna cheapadh ag an Uachtarán Vladimir Putin. Ina ról mar ghobharnóir, bainistíonn Babushkin comhlacht stáit réigiúnach de chuid Chónaidhm na Rúise agus is é atá freagrach as beartais stáit a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach. Chuir sé in iúl go dtacaíonn sé leis an aitheantas neamhdhleathach a tugadh do neamhspleáchas Dhaon-Phoblachtaí Donetsk agus Luhansk, mar a ghairtear díobh, agus leis an gcogadh foghach ar an Úcráin. Mar ghobharnóir, tá Igor Babushkin tar éis leas a bhaint as leasuithe an Uachtaráin Vladimir Putin ar dhlí riaracháin na Rúise, rud a fhágann go bhfuil de rogha aige leanúint i gcumhacht ar feadh blianta breise. Tá baint ag Igor Babushkin freisin le leanaí ón Úcráin a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis agus a bheith á n-uchtú ag teaghlaigh Rúiseacha. Sáraíonn gníomhaíochtaí Igor Babushkin cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Igor Babushkin freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus de chobhsaíocht agus shlándáil san Úcráin.	16.12.2022

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1426.	Yevgeny Alexandrovich PRIMAKOV ar a dtugtar freisin Yevgeny Primakov Jr. ar a dtugtar freisin Yevgeny Sandro (Евгений Александрович ПРИМАКОВ ar a dtugtar freisin Евгений Примаков-младший ar a dtugtar freisin Евгений Сандро)	Dáta breithe: 29.4.1976 Áit bhreithe: Moscó, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Yevgeny Primakov iarCheann an Federal Agency for the Commonwealth of Independent States, Compatriots Living Abroad and International Humanitarian Cooperation (Rossotrudnichestvo), comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme atá freagrach as seirbhísí stáit a chur ar fáil agus maoin stáit a bhainistiú chun tacú leis an gcaidreamh idirnáisiúnta idir Cónaidhm na Rúise agus ballstáit an Commonwealth of Independent States agus tíortha eachtracha eile, agus chun an caidreamh sin a fhorbairt, lena n-áirítear i réimse an chomhair dhaonnúil idirnáisiúnta. Eagraíonn Rossotrudnichestvo imeachtaí idirnáisiúnta go gníomhach, imeachtaí darb aidhm comhdhlúthú a dhéanamh ar thuiscint níos leithne an phobail gur críocha Rúiseacha iad críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Mar Cheann na heagraíochta, léirigh Yevgeny Primakov go soiléir go dtacaíonn sé le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1437.	Kirill Alekseevich LYSOGORSKY (Кирилл Алексеевич ЛЫСОГОРСКИЙ)	Feidhm: an Chéad Leas-Aire Tionscail agus Trádála de Chónaidhm na Rúise; iarLeas-Aire Tionscail agus Trádála Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 19.4.1986 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Kirill Lysogorsky an Chéad Leas-Aire Tionscail agus Trádála de Chónaidhm na Rúise. Bhí sé ina Leas-Aire san Aireacht Tionscail agus Trádála ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí na Nollag 2025. Is í an Aireacht Tionscail agus Trádála an comhlacht feidhmiúcháin cónaidhme atá freagrach as beartas stáit agus rialáil dlí a fhorbairt i réimse, *inter alia*, an choimpléasc thionsclaíoch mhíleata, gníomhaíochtaí spáis agus fhorbairt na teicneolaíochta eitlíochta. Déanann an Aireacht maoirseacht ar thionscal arm agus cosanta na Rúise, agus tá ról ríthábhachtach aige ó thaobh an trealamh míleata a úsáidtear i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a sholáthar. Ina cháil roimhe seo agus ina cháil reatha, tá sé freagrach as gníomhartha agus as gníomhaíochtaí de chuid na hAireachta lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, agus is duine nádúrtha é a thacaíonn le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1460.	Alexander Semyonovich SANCHIK (Александр Семёнович САНЧИК)	Feidhm: Ceannaire míleata Rúiseach, Coirnéal Ginearál; Leas-Aire in Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 15.10.1966 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise	Is ceannaire míleata Rúiseach agus Leas-Aire in Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise é Alexander Sanchik. Is iarCheannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir é (ó mhí na Bealtaine 2024 go dtí mí na Samhna 2024), iarCheannasaí Ghrúpa na bhFórsaí Theas (ó mhí na Samhna 2024 go dtí mí na Samhna 2025), iarChéad-Leas-Cheannasaí Dhúiche Mhíleata an Oirthir (ó 2023 go dtí 2024) agus iarCheannasaí an 35ú Arm Comh-Arm. D'ionsaigh an 35ú Arm Comh-Arm an Úcráin ón tuaisceart. Mar Cheannasaí an 35ú Arm Comh-Arm, bhí sé freagrach as na gníomhaíochtaí a rinne a aonad. Dá bhrí sin, tá Alexander Sanchik freagrach as gníomhaíochtaí, tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1463.	Evgeny Nikolaevich ZHURAVLEV (Евгений Николаевич ЖУРАВЛЕВ)	Feidhm: Ceannaire míleata Rúiseach – Maor-Ghinearál; Ceannasaí an 68ú Cór Airm; iarCheannasaí an 4ú Rannóg (Kantemirovskaya) Tancanna den Arm Tancanna i nDúiche Mhíleata an Iarthair Dáta breithe: 20.3.1978 Áit bhreithe: Khabarovsk Territory, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise	Is ceannaire míleata Rúiseach é Evgeny Zhuravlev, Ceannasaí an 68ú Cór Airm agus iarCheannasaí an 4ú Rannóg (Kantemirovskaya) Tancanna den Arm Tancanna i nDúiche Mhíleata an Iarthair. Ghlac an 4ú Rannóg Tancanna (Kantemirovskaya) páirt sa chogadh foghach ar an Úcráin. Mar Cheannasaí an 4ú Rannóg (Kantemirovskaya) Tancanna, tá sé freagrach as na gníomhaíochtaí a rinne an t-aonad seo. Dá bhrí sin, tá Evgeny Zhuravlev freagrach as gníomhaíochtaí, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1467.	Mikhail Yuryevich TEPLINSKIY (Михаил Юрьевич ТЕПЛИНСКИЙ)	Feidhm: Ceannaire míleata Rúiseach – Coirnéal Ginearál Ceann Ghrúpa Dnipro d'Fhórsaí Chónaidhm na Rúise Ceannasaí Fhórsaí Aerbheirthe d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 9.1.1969 Áit bhreithe: Mospyne, Donetsk region, PSS na hÚcráine roimhe seo (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Eintitis chomhlachaithe: Aireacht Chosanta Chónaidhm na Rúise	Is ceannaire míleata Rúiseach agus Ceann Ghrúpa Dnipro d'Fhórsaí Chónaidhm na Rúise é Mikhail Teplinskiy. Tá ionsaithe míleata á ndéanamh ag Grúpa Dnipro d'Fhórsaí Chónaidhm na Rúise i ndeisceart na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá baint ghníomhach ag Mikhail Teplinskiy le feachtas míleata fhórsaí na Rúise i ndeisceart na hÚcráine a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Is Ceannasaí Fhórsaí Aerbheirthe d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise é Mikhail Teplinskiy. Ghlac Fórsaí Aerbheirthe d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise páirt sa chogadh foghach ar an Úcráin agus bhí siad ar an láthair ag ar scaoileadh daoine in Bucha. Mar Ceannasaí Fhórsaí Aerbheirthe d'Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise, tá Mikhail Teplinskiy freagrach as na gníomhaíochtaí a rinne an t-aonad sin. Dá bhrí sin, tá Mikhail Teplinskiy freagrach as gníomhaíochtaí, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine.	25.2.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1472.	Lenara Khakimovna IVANOVA (Ленара Хакимовна ИВАНОВА)	Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 31.12.1969 Áit bhreithe: Neftekamsk, Bashkir iar-ASSR, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: baineann	Is í Lenara Ivanova iarLeas-Phríomh-Aire rialtas Phoblacht Bashkortostan agus iarAire Teaghlaigh, Saothair agus Cosanta Sóisialta Phoblacht Bhashkortostan. Sna róil sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Cónaidhm na Rúise. Ó chuir sí tús lena cogadh foghach ar an Úcráin, d'aistrigh an Rúis a lán sibhialtach de chuid na hÚcráine chuig limistéir faoi fhorghabháil na Rúise nó chuig an Rúis féin, agus is minic a chuireann sí cosc nó bac ar ghluaiseacht shábháilte na sibhialtach sin chuig na codanna sin den Úcráin nach bhfuil faoi fhorghabháil. Tá Lenara Ivanova ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Lenara Ivanova cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Lenara Ivanova freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	25.2.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1537.	Rifat Abdulvagapovich SABITOV (Рифат Абдулвагапович САБИТОВ)	Feidhm: Leas-Ard-Stiúrthóir na Cuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK); Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise; Comhalta de Phraesaidiam na Comhairle faoi Uachtarán Chónaidhm na Rúise um Chaidreamh Idir-Eitneach Dáta breithe: 30.4.1956 Áit bhreithe: Moscó, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Daoine aonair comhlachaithe: Oleg Dobrodeev, Evgeniy Bekasov Eintitis chomhlachaithe: An Chuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK) Faisnéis eile aitheantais: Uimhir Aitheantais Chánach: 773314059364	Is é Rifat Sabitov an Leas-Ard-Stiúrthóir ar an gCuideachta Craolacháin Raidió agus Teilifíse Uile-Rúise (VGTRK), an chorparáid meán is mó sa Rúis. Le linn an chogaidh fhoghaigh ar an Úcráin, tá cainéil teilifíse agus codanna eile den sealúchas VGTRK ar na hionstraimí is gníomhaí agus is tábhachtaí chun insint na Creimile a scaipeadh lenar dtacaítear leis an gcogadh trí thráchtaireachtaí ionsaitheacha agus faisnéis neamhfhíoraithe a chur ar fáil. Agus é ar cheann de phríomhfheidhmeannaigh na cuideachta, tá Rifat Sabitov freagrach go díreach as gníomhartha VGTRK. Mar Leas-Ardstiúrthóir, tá tionchar díreach aige ar an gcaoi a gcuireann VGTRK daoine ar an eolas faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus faoi na bearta a rinne rialtas na Rúise. Thairis sin, tá baint ghníomhach aige le múnlú na timpeallachta sriantaí faisnéise sa Rúis mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Fhorbairt na Sochaí Faisnéise, Ollmheáin agus Ollchumarsáide Dhlísheomra Cathartha Chónaidhm na Rúise, mar Chathaoirleach ar an gComhairle Phoiblí faoi Aireacht Forbartha Digití na Rúise agus in go leor comhlachtaí eile. Ó 2025 i leith, tá Rifat Sabitov ina chomhalta de Phraesaidiam na Comhairle faoi Uachtarán Chónaidhm na Rúise um Chaidreamh Idir-Eitneach, gníomhaireacht a bhfuil baint aici le Straitéis Bheartas Náisiúnta na Rúise a fhorbairt go dtí 2036, faoin ndéanfar rúisiú mórscála ar réigiúin na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Rifat Sabitov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1541.	Aleksandr Viktorovich GUSEV (Rúisis: Александр Викторович ГУСЕВ) (Úcráinis: Олександр Вікторович ГУСЄВ)	Feidhm: Gobharnóir an réigiúin Voronezh Dáta breithe: 27.1.1963 Áit bhreithe: Ozerskoye, Kozelsky District, Kaluga Oblast, iar-PCSS na Rúise, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Aleksandr Gusev an Gobharnóir ar an réigiún Voronezh. Is comhalta é de Chomhairle Stáit Chónaidhm na Rúise agus is rúnaí bhrainse réigiúnach Voronezh den pháirtí United Russia é. Sa ról atá aige, tá sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig réigiún Voronezh ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Aleksandr Gusev freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1552.	Murat Karalbiyevich KUMPILOV ar a dtugtar freisin Murat Karalbievich KUMPILOV (Мурат Каральбиевич КУМПИЛОВ)	Feidhm: Ceann Phoblacht Adygea Chónaidhm na Rúise; rúnaí ar bhrainse réigiúnach Adygea de United Russia (Edinaya Rossiya); Comhalta d'Ardchomhairle United Russia Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 27.2.1973 Áit bhreithe: Ulyap, Krasnogvardeysky district, Republic of Adygea, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann Faisnéis eile: Uimhir Aitheantais Chánach: 010200122926	Is é Murat Kumpilov Ceann Phoblacht Adygea i gCónaidhm na Rúise agus rúnaí bhrainse réigiúnach Adygea de Pháirtí na Rúise Aontaithe. Sa cháil sin, tá Murat Kumpilov ag cuidiú le díbirt agus uchtú neamhdhleathach leanaí Úcránacha. Tá sé ag éascú díbirt neamhdhleathach agus fuadach leanaí Úcránacha chuig campaí ar a dtugtar "campaí sláinte" agus saoráidí athoideachais atá lonnaithe ina réigiún. Tá Murat Kumpilov ar dhuine de cheannairí sinsearacha (réigiúnacha) na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt éigeantach agus fuadach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Murat Kumpilov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Murat Kumpilov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais, tá sé ag tacú leo nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.6.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1588.	Pavel Nikolaevich MURAVEIKO (Pavel Mikalaevich MURAVEIKA) (Павел Николаевич МУРАВЕЙКО) (Павел Мікалаевіч МУРАВЕЙКА)	Feidhm: Ceann Foirne Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha agus Céad-Leas-Aire Cosanta Phoblacht na Bealarúise; iarChéad-Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 26.9.1971 Áit bhreithe: Maryina Horka, Pukhavichy District, Minsk Region, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais: 3260971B001PB2 Inscne: fireann	Is é Pavel Muraveiko iarChéad-Leas-Státrúnaí Chomhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise. Sa cháil sin, bhí sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Slándála, lena n-áirítear comhar míleata-teicniúil idir an Bhealarúis agus an Rúis. Is í Comhairle Slándála Phoblacht na Bealarúise an t-ardchomhlacht bunreachtúil comhordúcháin fhrithpháirtigh agus polaitiúil a fhorfheidhmíonn cumhachtaí Uachtarán Phoblacht na Bealarúise. Leis an gCoincheap nua maidir le Slándáil Náisiúnta na Comhairle Slándála, déantar foráil maidir le grúpáil réigiúnach d'fhórsaí Phoblacht na Bealarúise agus Chónaidhm na Rúise a fhorbairt, rud a chuirfidh le héifeachtacht na gcomhlachtaí ceannais agus rialaithe míleata. Cuidíonn an comhar míleata-teicniúil le neartú chumais mhíleata na Rúise, a bhfuil cogadh foghach á fhearadh aici ar an Úcráin. In 2024, tugadh ardú céime do Pavel Muraveiko agus rinneadh Ceann Foirne Fhoireann Ghinearálta na bhFórsaí Armtha agus Céad Leas-Aire Cosanta Phoblacht na Bealarúise de. Dá bhrí sin, tá Pavel Muraveiko ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1589.	Valery Alexandrovich REVENKO (Valery Aleksandrovich REVENKA) (Валерий Александрович РЕВЕНКО) (Валерый Аляксандравіч РЭВЕНКА)	Feidhm: Ceann na Roinne um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise – Cúntóir le hAire Cosanta um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta de chuid Phoblacht na Bealarúise, Maor-Ghinearál Dáta breithe: 30.11.1969 Áit bhreithe: Krasnoyarsk-26, Krasnoyarsk Territory, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais: 3301169A015PB3 Inscne: fireann	Is é Valery Revenko Ceann Roinn Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise – Cúntóir le hAire Cosanta Phoblacht na Bealarúise um Chomhar Míleata Idirnáisiúnta. Bainistíonn Roinn Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta Phoblacht na Bealarúise gníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha maidir le heagrú agus cur chun feidhme an chomhair mhíleata idirnáisiúnta agus an rialaithe arm. Ina theannta sin, tá Valery Revenko ina chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise agus dá bhrí sin glacann sé páirt sa chomhar déthaobhach idir an Rúis agus an Bhealarúis sa réimse míleata. Cuidíonn comhar míleata-teicniúil na Bealarúise leis an Rúis le neartú chumais mhíleata na Rúise, a bhfuil cogadh foghach á fhearadh aici ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Valery Revenko, ina cháil mar Cheann na Roinne Comhair Mhíleata Idirnáisiúnta ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1592.	Leonid Vyacheslavovich DAVIDOVICH (Leonid Vyacheslavovich DAVIDOVICH) (Леонид Вячеславович ДАВИДОВИЧ) (Леанід Вячаслававіч ДАВІДОВІЧ)	Feidhm: Leas-Cheannasaí Aerfhórsa agus Fhórsaí Aerchosanta Fhórsaí Armtha na Bealarúise –Príomhoifigeach Eitlíochta; iarCheannasaí an 61ú bunáit aeir agus gharastún Baranavichy Dáta breithe: 13.1.1978 Áit bhreithe: Baranavichy, Brest region, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais: 3130178C024PB7	Is é Leonid Davidovich iarCheannasaí an 61ú bunáit aeir agus gharastún Baranovichi, mar a gcuireann Cónaidhm na Rúise oiliúint ar a cuid saighdiúirí. Le linn chogadh na Rúise san Úcráin, thug saoránaigh faoi deara seachadtaí de lastaí míleata agus aerárthaí troda ag eitilt chuig garastún Baranavichy agus uaidh. Tugadh “páirtiseáin iarnróid” ar dhaoine a rinne iarracht cur i gcoinne na hoiliúna mhíleata sin agus i gcoinne iompar na lastaí míleata agus gabhadh iad agus tugadh antoiscigh agus tréatúirí orthu. Thairis sin, tá tuairiscí ann gur úsáideadh garastún Baranavichy chun roicéid a sheoladh chuig an Úcráin. Tugadh ardú céime do Leonid Davidovich agus rinneadh Leas-Cheannasaí Aerfhórsa agus Fhórsaí Aerchosanta Fhórsaí Armtha na Bealarúise – Príomhoifigeach Eitlíochta de. Dá bhrí sin, tá Leonid Davidovich ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1593.	Sergey Evgenyevich LAGODIUK Siarhei Evgenievich LAHADZIUK (Сергей Евгеньевич ЛАГОДЮК) (Сяргей Яўгенавіч ЛАГАДЗЮК)	Feidhm: Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Phoblacht na Bealarúise, Ceann na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla, Maor-Ghinearál Dáta breithe: 10.5.1971 Áit bhreithe: Antopal, Drahichyn District, Brest Oblast, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Uimhir aitheantais: 3100571B015PB0 Inscne: fireann	Is é Sergey Lagodiuk Leas-Cheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Phoblacht na Bealarúise, Ceann na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla. Glacann an Phríomh-Stiúrthóireacht Oibríochtúil páirt i mbeartas míleata Phoblacht na Bealarúise agus gníomhaíonn sí mar phríomhaonad struchtúrach na Foirne Ginearálta sa chóras pleanála straitéisí agus bainistíochta. Ina cháil, déanann Sergey Lagodiuk maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na Príomh-Stiúrthóireachta Oibríochtúla. Ina theannta sin, tá Sergey Lagodiuk ina chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus na Rúise agus dá bhrí sin glacann sé páirt sa chomhar déthaobhach idir an Rúis agus an Bhealarúis sa réimse míleata. Úsáidtear Poblacht na Bealarúise mar mhol míleata de chuid arm na Rúise agus cuireann sí brú go straitéiseach ar an Úcráin trúpaí a choinneáil gar don teorainn, rud a lagaíonn cumais chosantacha na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Sergey Lagodiuk, mar chomhalta de Bhord Comhpháirteach Aireacht Cosanta Phoblacht na Bealarúise agus Cónaidhm na Rúise, ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1594.	Vladimir Nikolaevich CHEREUKHIN (Uladzimir Mikalaevich CHARAUKHIN) (Владимир Николаевич ЧЕРЕУХИН) (Уладзімір Мікалаевіч ЧАРАУХІН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Aerfort Náisiúnta Mhionsc; iarCheann ar bhrainse Homel d'Fhiontar Aonadach Poblachtach um Sheirbhísí Aerloingseoireachta na hAerthráchta "Belaeronavigatsia" Dáta breithe: 11.8.1977 Áit bhreithe: Pakalyubichy, Homel District, Homel Region, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: Bealarúiseach Seoladh: Vetka district, Zolotoy Rog village, an Bhealarúis Uimhir aitheantais: 3110877H020PB2 Inscne: fireann	Tá Vladimir Chereukhin, Ard-Stiúrthóir Aerfort Náisiúnta Mhionsc, ina iarCheann ar bhrainse Homel d'Fhiontar Aonadach Poblachtach um Sheirbhísí Aerloingseoireachta na hAerthráchta "Belaeronavigatsia", atá freagrach as gníomhaíochtaí aerfort Homel. Ag tús an chogaidh fhoghaigh, d'fháig aerárthach Rúiseach gan foireann d'Fhórsaí Aeraspáis na Rúise aerfort Homel agus scrios sé bataire airtléire féinghluaiste de chuid Fhórsaí Armtha na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Vladimir Chereukhin ag tacú le gníomhaíochtaí agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na ngníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1595.	Vyacheslav Evgenyevich ROSSOLAY (Viachaslau Yevgenievich RASSALAI) (Вячеслав Евгеньевич РОССОЛАЙ) (Вячаслаў Яўгеньевіч РАССАЛАЙ)	Feidhm: Stiúrthóir na cuideachta comhstoic oscailte “Agat – electromechanics factory”; iarLeas-Chathaoirleach ar Choiste Tionsclaíoch Míleata Stáit Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 17.10.1981 Áit bhreithe: Mionsc, APSS (an Bhealarúis anois) Náisiúntacht: an Bhealarúis Inscne: fireann	Is é Vyacheslav Rossolay an t-iarLeas-Chathaoirleach ar Choiste Tionsclaíoch Míleata Stáit Phoblacht na Bealarúise. Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Tionsclaíoch Míleata Stáit Phoblacht na Bealarúise, mhéadaigh sé an soláthar trealaimh mhíleata don Rúis agus an cogadh foghach ar an Úcráin ar siúl. Thairis sin, cuireadh clár um chomhar míleata-teicniúil idir Moscó agus Minsc i bhfeidhm go dtí 2025, lena bhforáiltear do sheachadtaí frithpháirteacha táirgí míleata ar mhaithe le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Bealarúise agus na Rúise. Leanann sé de bheith ag obair i gcoimpléasc tionsclaíoch míleata na Bealarúise mar Stiúrthóir na cuideachta comhstoic oscailte “Agat – electromechanics factory”. Dá bhrí sin, tá Vyacheslav Rossolay ag tacú go hábhartha le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1597.	Serafim Vikentevich IVANOV (Серафим Викентьевич ИВАНОВ)	Feidhm: Preasrúnaí san eagraíocht “Volunteer Squad”; iarCheann cheanncheathrú réigiúnach Yunarmiya VVPOD i réigiún Kherson; leas-cheannasaí bhardas “Admiralty district” Chathair Pheadair Dáta breithe: 19.5.1996 An áit a meastar ina bhfuil sé: Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise Inscne: fireann	Is é Serafim Ivanov an preasrúnaí san eagraíocht “Volunteer Squad”, a bhfuil baint aige le hoideachas tírghrách ar chur ar an óige. Is leas-cheannasaí bhardas “Admiralty district” Chathair Pheadair é. Is é iarCheann cheanncheathrú réigiúnach Yunarmiya VVPOD i réigiún Kherson freisin. Ghlac sé páirt ghníomhach i míleatú leanaí Úcránacha i réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil. Ina theannta sin chothaigh sé mothúcháin ar son na Rúise agus insintí frith-Úcránacha trí Yunarmiya agus spreag sé leanaí chun páirt a ghlacadh san eagraíocht, agus béim á leagan aige ar an oiliúint mhíleata mar cheann de na buntáistí. Dá bhrí sin, tá Serafim Ivanov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1612.	Andrey Yuryevich SHUTOV (Андрей Юрьевич ШУТОВ)	Feidhm: iarchomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 9.3.1963 Áit bhreithe: Moscó, Moscow Oblast, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bhí Andrey Shutov ina chomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise (CEC) ó 2021 go 2026. Le linn a thréimhse oifige, bhí CEC freagrach as reifrinn neamhdhleathacha a eagrú in 2022, chomh maith le toghcháin neamhdhleathacha i mí Mheán Fómhair 2023, i gcodanna den Úcráin atá faoi fhorghabháil, agus ar an gcaoi sin rinne sé iarracht cogadh foghach na Rúise ar na codanna sin a dhlisteanú. Dá bhrí sin, tá Andrey Shutov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023
1616.	Alexander Borisovych KURDYUMOV (Александр Борисович КУРДЮМОВ)	Feidhm: Cathaoirleach Zhirinovsky Blok; iarchomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 26.11.1967 Áit bhreithe: Gorky, Gorky Oblast, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bhí Alexander Kurdyumov ina chomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise (CEC) ó 2021 go 2026. Le linn a thréimhse oifige, bhí CEC sin freagrach as reifrinn neamhdhleathacha a eagrú in 2022, chomh maith le toghcháin neamhdhleathacha i mí Mheán Fómhair 2023, i gcodanna den Úcráin atá faoi fhorghabháil, agus ar an gcaoi sin rinne sé iarracht cogadh foghach na Rúise ar na codanna sin a dhlisteanú. In 2026, ceapadh é ina Chathaoirleach ar Zhirinovsky Blok. Dá bhrí sin, tá Alexander Kurdyumov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1620.	Boris Safarovych EBZEEV (Борис Сафарович ЭБЗЕЕВ)	Feidhm: iarchomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise Dáta breithe: 25.2.1950 Áit bhreithe: Dzhany Dzher, Frunze Region, APSS (an Chirgeastáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bhí Boris Ebzeev ina chomhalta de Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise ó 2021 go 2026. Le linn a thréimhse oifige, bhí an coimisiún sin freagrach as reifrinn neamhdhleathacha a eagrú in 2022, chomh maith le toghcháin neamhdhleathacha i mí Mheán Fómhair 2023, i gcodanna den Úcráin atá faoi fhorghabháil, agus ar an gcaoi sin rinne sé iarracht cogadh foghach na Rúise ar na codanna sin a dhlisteanú. Dá bhrí sin, tá Boris Ebzeev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023
1631.	Viktor Musavirovich AFZALOV (Виктор Мусавирович АФЗАЛОВ)	Feidhm: Coirnéal Gineárál; iarArd-Cheannasaí Fhórsaí Aeraspáis na Rúise; iarCheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Aeraspáis na Rúise Dáta breithe: 9.6.1968 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é an Coirnéal Gineárál Viktor Afzalov iarCheann Foirne Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Aeraspáis na Rúise agus iarArdcheannasaí Fhórsaí Aeraspáis na Rúise ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 go dtí mí na Bealtaine 2026. Dá réir sin, bhí sé freagrach as aer-oibríochtaí a dhéanamh i gcoinne na hÚcráine le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	18.12.2023

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1633.	Ivan Ivanovich ZIMA (Иван Иванович ЗИМА)	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir LLC “Osnova Bezopasnosti”; iarArd-Stiúrthóir Miranda Media LCC agus Krymtelecom JSC Dáta breithe: 26.8.1971 Áit bhreithe: Tiksi village, Bulunsky district, Yakut, iar-APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Seoladh: Cónaidhm na Rúise, Moscow region, Bronnitsy, Gorka, 4, apt. 6 Uimhir Aitheantais Chánach: 143300547912	Tá Ivan Zima ina iarArd-Stiúrthóir ar LLC “Osnova Bezopasnosti”, a mhonaraíonn trealamh a bhaineann le faireachas agus slándáil, lena n-áirítear cumarsáid speisialta agus aerárthaí gan foireann. Tá Ivan Zima ina iarArd-Stiúrthóir ar Miranda Media LLC agus Krymtelecom JSC, a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide i ndeisceart agus in oirthear na hÚcráine in áiteanna atá faoi fhorghabháil na Rúise. Tá ceadúnaithe ó údaráis na Rúise (Roskomnadzor) ag na cuideachtaí a bhí Ivan Zima i gceannas orthu chun seirbhísí teileachumarsáide éagsúla a sholáthar i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag na cuideachtaí sin maidir le srianta a fhorchur ar shuíomhanna gréasáin áirithe agus maidir le cinsireacht a dhéanamh ar fhaisnéis dhlisteanach le haghaidh mhuintir na hÚcráine sna críocha atá faoi fhorghabháil. Chuir Ivan Zima go mór le hiarrachtaí Rialtas na Rúise srian a chur le rochtain ar fhoinsí dlisteanacha faisnéise agus bearta cinsireachta a chur chun feidhme san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Ivan Zima ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Anuas air sin, baineann sé tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	18.12.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1657.	Aleksey Gennadievich DUBONOSOV (Алексей Геннадиевич ДУБОНОСОВ)	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir an Fhiontair Stáit Cónaidhme “Tambov Gunpowder Plant” Dáta breithe: 31.12.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 344401214508	Is iarArd-Stiúrthóir é Aleksey Dubonosov ar FSE Tambov Gunpowder Plant ina dtáirgtear púdair pyroxylin, a úsáidtear i gcineálacha éagsúla armlóin a úsáideann Fórsaí Armtha na Rúise. Táirgeann an gléasra púdair pyroxylin le haghaidh réimse leathan armlóin, mar shampla, cartúis agus gránáidí 7,62 mm le haghaidh raidhfilí Kalashnikov, urchair tanc 125 mm le haghaidh phríomhthancanna comhraic T-90 agus sliogáin airtléire le haghaidh 2S3 Akatsiya, 2S19 Msta-S, Msta-B agus aonaid airtléire agus habhatsair 2S5 Hyacinth. Tá FSE Tambov Gunpowder Plant faoi úinéireacht na hilchuideachta cosanta Rúisí Rostec State Corporation. Oibríonn an gléasra in earnáil a bhfuil tábhacht straitéiseach léi sa tionscal míleata agus bhí sé in ann a acmhainneacht táirgeachta a mhéadú le linn chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Aleksey Dubonosov ag tacú go hábhartha le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1674.	Semyon Alexeyevich MASHKAUTSAN ar a dtugtar freisin Salah MASHKAUTSAN (Семен Алексеевич МАШКАУЦАН ar a dtugtar freisin Салах Алексеевич МАШКАУЦАН)	Feidhm: “Ceann Rialtais”, mar a ghairtear de, Réigiún Kherson Dáta breithe: 2.3.1990 Áit bhreithe: Chelyabinsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Semyon Mashkautsan iar-“Leas-Cheann Rialtais” agus iar-“Aire Tionsclaíochta” Réigiún Kherson, mar a ghairtear díobh. Is é “Cathaoirleach gníomhach Rialtais”, mar a ghairtear de, Réigiún Kherson ó mhí Feabhra 2025 agus is é “ceann rialtais”, mar a ghairtear de, Réigiún Kherson ó mhí na Nollag 2025. Tá na róil sin glactha aige, gan toiliú ó údaráis na hÚcráine, i gcríocha de chuid Réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach agus tá beartais oifigiúla ó Chónaidhm na Rúise á gcur chun feidhme aige sa réigiún. Agus é ag glacadh na gcáileanna sin chuige féin agus ag gníomhú dó dá réir, tá Semyon Mashkautsan ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

IO L, 22.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1678.	Vladimir Alexandrovich BOBROV (Владимир Александрович БОБРОВ)	Feidhm: iarStiúrthóir MG-Flot LLC Dáta breithe: 26.1.1971 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 253902099914	Is é Vladimir Bobrov iarStiúrthóir MG-Flot LLC (ar a dtugtaí TransMorFlot LLC tráth). Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é MG-Flot LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá MG-Flot LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag MG-Flot LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ina theannta sin, bhí soithí faoi úinéireacht MG-Flot LLC páirteach i lastais arm ón Iaráin chun cabhrú le hionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Vladimir Bobrov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1679.	Vladimir Egorovich ZAITSEV ar a dtugtar freisin Vladimir Yegorovich ZAYTSEV (Владимир Егорович ЗАЙЦЕВ)	Feidhm: Stiúrthóir JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute of Radio Engineering) Stiúrthóir JSC Npodar (ar a dtugtar freisin Scientific and Production Association of long-range radar named after academician A.L. Mints) Dáta breithe: 23.9.1956 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 504790126749	Is Stiúrthóir é Vladimir Zaitsev ar JSC VNIIRT (ar a dtugtar freisin All-Russian Research Institute of Radio Engineering). Is fiontar stáit tionsclaíoch míleata Rúiseach é JSC VNIIRT a fhorbraíonn córais radair arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise, lena n-áirítear córais radair a úsáidtear le haghaidh chóras diúracán Pantsir-S1 na Rúise. Thairis sin, tá JSC VNIIRT ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise. Is Ard-Stiúrthóir é Vladimir Zaitsev freisin ar JSC Npodar, comharba AO RTI. Pléann an chuideachta sin le teicneolaíochtaí radair agus tá ceadúnais aici ó Aireacht Tionsclaíochta agus Trádála Chónaidhm na Rúise chun trealamh míleata a chothabháil. Dá bhrí sin, tá Vladimir Zaitsev, ina cháil mar Stiúrthóir JSC VNIIRT agus JSC Npodar, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Vladimir Zaitsev bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1680.	Vladimir Ivanovich SHASTIN (Владимир Иванович ШАСТИН)	Feidhm: Stiúrthóir Azia Shipping Company LLC Dáta breithe: 8.9.1957 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 253606386404	Is Stiúrthóir é Vladimir Shastin ar Azia Shipping Company LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach í Azia Shipping Company LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Azia Shipping Company LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh n-iompar ag Azia Shipping Company LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Vladimir Shastin, ina cháil mar Stiúrthóir ar Azia Shipping Company LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1683.	Mikhail Alekseevich IVANCHIKHIN (Михаил Алексеевич ИВАНЧИХИН)	Feidhm: Stiúrthóir JSC MNII Agat (ar a dtugtar freisin Moscow Research Institute Agat) Dáta breithe: 9.4.1962 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 501304253418	Is Stiúrthóir é Mikhail Ivanchikhin ar JSC MNII Agat (ar a dtugtar freisin Moscow Research Institute Agat). Is fiontar stáit tionsclaíoch míleata Rúiseach é JSC MNII Agat a fhorbraíonn agus a tháirgeann trasghlacadóirí radair le haghaidh diúracáin threoraithe arna n-imscaradh ag fórsaí armtha na Rúise, lena n-áirítear "ceann frithinge gníomhach radair 9B-1103M-350" a úsáidtear i ndiúracáin aer go haer agus dromchla go haer na Rúise. Thairis sin, tá JSC MNII Agat ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Mikhail Ivanchikhin, ina cháil mar Stiúrthóir ar JSC VNIIRT, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, tá Mikhail Ivanchikhin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1684.	Mikhail Valentinovich LUKYANOV (Михаил Валентинович ЛУКЬЯНОВ)	Feidhm: iarStiúrthóir Oboronlogistics LLC Dáta breithe: 23.9.1975 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 773384195360	Is é Mikhail Lukyanov iarStiúrthóir Oboronlogistics LLC. Is cuideachta loingseoireachta é Oboronlogistics LLC a bunaíodh faoi Aireacht Cosanta na Rúise. Tá tacaíocht lóistíochta á soláthar ag an gcuideachta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá Oboronlogistics LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Oboronlogistics LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Mikhail Lukyanov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1686.	Nikolai Anatolievich PANKOV (Николай Анатольевич ПАНЬКОВ)	Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC Dáta breithe: 12.8.1970 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 301803080162	Is é Nikolai Pankov príomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é Marine Trans Shipping LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá baint ag Marine Trans Shipping LLC le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistríodh muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag Marine Trans Shipping LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Nikolai Pankov, ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin Marine Trans Shipping LLC, ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1687.	Alexey Yurievich BRAGIN (Алексей Юрьевич БРАГИН)	Feidhm: iarStiúrthóir JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time) Dáta breithe: 23.12.1979 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 780615807818	Is é Alexey Bragin iarStiúrthóir JSC RIRV (ar a dtugtar freisin Russian Institute of Radio Navigation and Time). Is fiontar stáit tionsclaíoch míleata Rúiseach é JSC RIRV a fhorbraíonn trealamh loingseoireachta do chóras GLONASS na Rúise arna imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise chun ionsaithe ardchruinnis a dhéanamh ar bhonneagar sibhialtach agus míleata san Úcráin. Rinneadh é a chumasc le JSC “Obukhov Plant” ina chuid den ghnóthas Almaz-Antey, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d’arm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Alexey Bragin ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin. Ina theannta sin, bhí Alexey Bragin bainteach leis an ngnóthas Almay-Antey, atá ag tacú go hábharach le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1691.	Svetlana Vladimirovna SAVELYEVA (Светлана Владимировна САВЕЛЬЕВА)	Feidhm: Príomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC Dáta breithe: 17.12.1977 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Uimhir Aitheantais Chánach: 771552332201	Is í Svetlana Savelyeva príomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC. Is cuideachta loingseoireachta Rúiseach é M Leasing LLC a sholáthraíonn tacaíocht lóistíochta d'Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise. Go háirithe, tá M Leasing LLC bainteach le líonra iompair mhíleata de shoithí lastais na Rúise a bhfuil armálacha na Cóiré Thuaidh á seoladh acu ó Pyongyang chuig saoráidí míleata i gcalafort Dunai, sa Rúis. Ina dhiaidh sin, aistrítear muinisin de chuid na Cóiré Thuaidh arna n-iompar ag M Leasing LLC chuig iostaí ar theorainn thiar na Rúise lena n-imscaradh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Svetlana Savelyeva, ina cáil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin M Leasing LLC, ag tacú go hábharach, agus ag baint tairbhe as Rialtas Chónaidhm na Rúise, rialtas atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1694.	Alexander Evgenievich REZNIK (Александр Евгеньевич РЕЗНИК)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC Petrovsky Electromechanical Plant “Molot” Dáta breithe: 3.7.1976 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 645303859610	Is Ard-Stiúrthóir é Alexander Reznik ar JSC Petrovsky Electromechanical Plant “Molot”, ar cuideachta tionscail mhíleata é a tháirgeann comhpháirteanna agus ionstraimí éagsúla le haghaidh airm a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Is fochuideachta de JSC Concern Granit-Electron é JSC Petrovsky Electromechanical Plant “Molot”, atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation. Ina ról, tá Alexander Reznik ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Petrovsky Electromechanical Plant “Molot”, JSC Concern Granit-Electron agus JSC Tactical Missiles Corporation.	23.2.2024
1695.	Alexander Yurievich ZVEREV (Александр Юрьевич ЗВЕРЕВ)	Feidhm: iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel Dáta breithe: 4.7.1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 771370973994	Is é Alexander Zverev iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin JSC Zavod Dagdizel, ar cuideachta tionscail mhíleata é a bhfuil baint aige le hairm faoi uisce a fhorbairt agus a tháirgeadh do Chabhlach na Rúise a úsáidtear sa chogadh foghach ar an Úcráin. Is fochuideachta de MPO-Gidropribor é JSC Zavod Dagdizel, atá mar chuid de JSC Tactical Missiles Corporation. Dá bhrí sin, tá Alexander Zverev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais ar an méid sin. Tá baint aige freisin le JSC Zavod Dagdizel, MPO-Gidropribor agus JSC Tactical Missiles Corporation.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1700.	Yuri Konstantinovich ISAEV (Юрий Константинович ИСАЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir ar JSC “Arzamas Scientific Production Enterprise ‘Temp-Avia’” Dáta breithe: 22.11.1975 Áit bhreithe: Arzamas Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 524303794814 Inscne: fireann	Is Ard-Stiúrthóir é Yuri Isaev ar chuideachta tionscail mhíleata Rúiseach Temp-Avia. Tá saineolas ag an gcuideachta sin ar chórais loingseoireachta agus córais uathrialúcháin, córais rialaithe táimhe, aonaid tomhais thámhúla, cobhsaitheoirí gíreascóip, braiteoirí faisnéise príomhúla, táscairí sainstiúrach, agus córais chomhtháite ionstraimí cúltaca um loingseoireacht eitilte a tháirgeadh. Is cuideachtaí tionscail mhíleata eile de chuid na Rúise iad na páirtithe conarthacha agus Rialtas na Rúise é féin. Go háirithe, táirgeann Temp-Avia táscaire dearcadh bunúsach AGB-96, táscaire a úsáidtear ar héileacaptair Mi-8 de chuid Fhórsaí Armtha na Rúise arna n-imscaradh sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, ina ról, tá Yuri Isaev ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1703.	Andrey Leonidovich TERLIKOV (Андрей Леонидович ТЕРЛИКОВ)	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir ar JSC “UKBTM” Dáta breithe: 22.2.1962 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 662317683996	Is é Andrey Terlikov iarArd-Stiúrthóir JSC “UKBTM”. Déanann an chuideachta tancanna T-72 agus T-90 a fhorbairt agus a nuachóiriú d’arm na Rúise, a úsáideann Fórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Andrey Terlikov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024
1704.	Boris Yakovlevich VOLOGDIN (Борис Яковлевич ВОЛОГДИН)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir JSC Tomsk Electrotechnical Plant (TETZ) Dáta breithe: 22.7.1955 Áit bhreithe: Aliya village, Chita region, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir Aitheantais Chánach: 701700134280 Inscne: fireann	Is é Boris Vologdin Ard-Stiúrthóir JSC Tomsk Electrotechnical Plant. Is soláthróir d’Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise í an chuideachta. Déanann JSC Tomsk Electrotechnical Plant T-90 a nuachóiriú leis an gcomhar agus faoi bhainistíocht a mháthairchuideachta Uralvagonzavod. Dá bhrí sin, ina ról siúd, tá Boris Vologdin ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1718.	Boris Ivanovich EFREMOV (Борис Иванович ЕФРЕМОВ)	Feidhm: iarStiúrthóir JSC MMZ (ar a dtugtar freisin Mariyskiy Machine-Building Plant) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann An áit a meastar ina bhfuil sé: Cónaidhm na Rúise Uimhir Aitheantais Chánach: 121509344587	Is iarStiúrthóir é Boris Efremov ar JSC MMZ (ar a dtugtar freisin Mariyskiy Machine-Building Plant). Is fiontar stáit tionsclaíoch míleata Rúiseach é JSC MMZ a fhorbraíonn córais rialúcháin cosanta aeir, lena n-áirítear an córas diúracán frith-aerárthaí S-300V, arna n-imscaradh ag Fórsaí Armtha na Rúise. Thairis sin, tá JSC MMZ ina chuid de Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation, monaróir arm Rúiseach atá faoi úinéireacht stáit a fhorbraíonn córais cosanta frith-aerárthaí agus diúracáin cúrsála d'arm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Boris Efremov ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin. Anuas air sin, tá sé ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as. Ina theannta sin, bhí baint ag Boris Efremov le Joint Stock Company Almaz-Antey air and space defence corporation.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1742.	Dmitriy Vladimirovich DEMIDOV (Rúisis: Дмитрий Володимирович ДЕМИДОВ; Bealarúisis: Дзмітрый Уладзіміравіч ДЗЯМІДАЎ)	Feidhm: iarChathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Cathrach Navapolatsk; Cathaoirleach Chomhairle na nIonadaithe i réigiún Vitsebsk; Comhalta de Chomhthionól Phobail Uile na Bealarúise Dáta breithe: 11.12.1975 Áit bhreithe: Polatsk, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann	Is iarChathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Cathrach Navapolatsk é Dmitriy Demidov, Cathaoirleach Chomhairle na nIonadaithe i Réigiún Vitsebsk. Sa ról sin, bhí sé freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig Poblacht na Bealarúise. Tá Dmitriy Demidov ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a dhíbirt le forneart go dtí an Bhealarúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha agus Bhealarúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a chuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Dmitriy Demidov freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1743.	Svetlana Anatolievna MAYBORODA (Rúisis: Светлана Анатольевна МАЙБОРОДА; Úcráinis: Світлана Анатоліївна МАЙБОРОДА)	Feidhm: Ceann na Roinne Gnóthaí Teaghlaigh agus Leanaí in Aireacht Saothair agus Cosanta Sóisialta, mar a ghairtear di, Dhaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di Dáta breithe: 21.2.1970 Áit bhreithe: Makiivka, an Úcráin Náisiúntacht: Úcránach Inscne: baineann	Is í Svetlana Mayboroda Ceann na Roinne Gnóthaí Teaghlaigh agus Leanaí in Aireacht Saothair agus Cosanta Sóisialta, mar a ghairtear di, Dhaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di, agus iarCheann na Seirbhíse Stáit um Ghnóthaí Teaghlaigh agus Leanaí, mar a ghairtear di, i nDaon-Phoblacht Donetsk, mar a ghairtear di. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis. Tá Svetlana Mayboroda ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí a dhíbirt le forneart go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Svetlana Mayboroda freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1745.	Elena Mikhailovna DEMIDOVA (Rúisis: Елена Михайловна ДЕМИДОВА; Bealarúisis: Алена Міхайлаўна ДЗЯМІДАВА)	Feidhm: iarCheann Riarachán Cathrach Yevpatoriya Dáta breithe: 12.9.1975 Áit bhreithe: Yevpatoriya, an Úcráin Náisiúntacht: Úcránach Inscne: baineann Seoladh: 297408, Yevpatoria, Lenin ave., 2, an Chrimé, an Úcráin	Is í Elena Demidova iarCheann Riaracháin Cathrach Yevpatoriya. Sa ról sin, bhí sí freagrach as leanaí Úcránacha a dhíbirt go neamhdhleathach chuig an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin. Sáraíonn a cuid gníomhaíochtaí cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Elena Demidova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024
1747.	Irina Dmitrievna KLYUEVA (Rúisis: Ирина Дмитриевна КЛЮЕВА; Úcráinis: Ірина Дмитрівна КЛЮЄВА)	Feidhm: an t-iarChoimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Crimé, mar a ghairtear di Dáta breithe: 13.8.1966 Áit bhreithe: Shepetivka, an Úcráin Inscne: baineann	Is í Irina Klyueva an t-iarChoimisinéir um Chearta Leanaí i bPoblacht na Crimé, mar a ghairtear di. Sa ról sin, bhí sí ar dhuine de na daoine is mó a bhfuil baint acu le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach go dtí an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Irina Klyueva cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Irina Klyueva ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht agus de shlándáil san Úcráin.	23.2.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1748.	Natalya Vladimirovna KOMAROVA (Наталия Владимировна КОМАРОВА)	Feidhm: Seanadóir den Chomhairle Cónaidhme; iarGhobharnóir Khanty-Mansi Autonomous Okrug – Yugra region Dáta breithe: 21.10.1955 Áit bhreithe: Yazvo, Lyadsky district, Pskov region, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Seoladh: 5 Mira str., Khanty-Mansiysk, 628006, Cónaidhm na Rúise	Is í Natalya Komarova, Seanadóir sa Chomhairle Cónaidhme, iarGhobharnóir réigiún Khanty-Mansi Autonomous Okrug – Yugra, agus is é Uachtarán Chónaidhm na Rúise Vladimir Putin a cheap í. Ina ról mar ghobharnóir, bhainistigh Natalya Komarova comhlacht stáit réigiúnach de chuid Chónaidhm na Rúise agus is í atá freagrach as beartais stáit a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach. Mar Ghobharnóir, tá Natalya Komarova tar éis tairbhe a bhaint as leasuithe a rinne an tUachtarán Vladimir Putin ar dhlí riaracháin na Rúise, rud a fhágann go bhfuil de rogha aici fanacht i gcumhacht ar feadh blianta breise. Tá baint ag Natalya Komarova freisin le leanaí Úcránacha a bheith á n-iompar go neamhdhleathach chuig an Rúis ionas go ndéanfadh teaghlaigh Rúiseacha iad a uchtú ina dhiaidh sin. Sáraíonn gníomhaíochtaí Natalya Komarova cearta leanaí Úcránacha agus sáraíonn siad dlí agus ord riaracháin na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Natalya Komarova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sí á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	23.2.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1758.	Alexander Alexeyevich MOISEYEV (Александр Алексеевич МОИСЕЕВ)	Feidhm: Aimiréal Cabhlach; Ardcheannasaí ar Chabhlach na Rúise Dáta breithe: 16.4.1962 Áit bhreithe: Moscó, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Tá an tAimiréal Alexander Moiseyev ina Ardcheannasaí ar Chabhlach na Rúise ón 2 Aibreán 2024 agus bhain sé an chéim is airde, Aimiréal Cabhlach, amach in 2025. Mar sin, tá sé freagrach as aon oibríocht mhuirí de chuid chabhlach na Rúise, lena n-áirítear i gcoinne na hÚcráine. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024
1770.	Andrei Viktorovich KAZAKOV (Андрей Викторович КАЗАКОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Novorossiya Railways Dáta breithe: 22.3.1964 Áit bhreithe: Krasnouralsk, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ba é Andrei Kazakov Ard-Stiúrthóir Gníomhach Novorossiya Railways, cuideachta a cruthaíodh le foraithne ó Rialtas Chónaidhm na Rúise an 29 Bealtaine 2023 chun iarnróid chríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia nach bhfuil faoi rialú rialtas na hÚcráine a chomhdhlúthú agus iad a aistriú faoi rialú údaráis na Rúise. Tá sé á mhaoiniú le buiséad cónaidhme Chónaidhm na Rúise. Is é is cuspóir don chuideachta naisc iompair mhalartacha a chruthú, ar féidir iad a úsáid ansin chun ábhar míleata a iompar, i measc nithe eile, lena úsáid i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Ceapadh é ina Ard-Stiúrthóir ar Novorossiya Railways i mí Lúnasa 2024. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1773.	Anatoliy Valentinovich SOLIN (Анатолий Валентинович СОЛИН)	Feidhm: Breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Dáta breithe: 10.1.1968 Pasuimhir: 3612711237	Is breitheamh de Chúirt Achomhairc Mhíleata Chónaidhm na Rúise é Anatoliy Solin. Sa phost sin, rinne sé an iliomad cinntí a raibh údar polaitiúil leo in éadan na ndaoine sin a bhí i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, agus cinntí ar fhoras reiligiúnach. Go háirithe, is é Anatoliy Solin a d'ionchúisigh Amet Suleymanov agus príosúnaigh pholaitiúla eile. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1775.	Igor Borisovich AKSYONOV (Игорь Борисович АКСЕНОВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir Volga Dnepr Airlines LLC Dáta breithe: 20.11.1971 Áit bhreithe: Baikonur, APSS (an Chasacstáin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 732800052176	Bhí Igor Aksyonov ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta, roimh tháthcheangal EAS Group. Tá sé ina Ard-Stiúrthóir ar Volga Dnepr Airlines LLC. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin maidir le freastal ar choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group, lena n-áirítear Volga Dnepr Airlines LLC, fóirdheontais tacaíochta ó Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Igor Aksyonov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1776.	Nikolai Alekseevich KOROBKO (Николай Алексеевич КОРОБКО)	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir an Volga Dnepr Group Dáta breithe: 14.1.1950 Áit bhreithe: Solenoye, Kalmykia, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 73280006066724 Pasuimhreacha: 7301193828, 0710012691	Is iarArd-Stiúrthóir Volga Dnepr Group é Nikolai Korobko, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta, roimh tháthcheangal EAS Group. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin maidir le freastal ar choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group fóirdheontais tacaíochta ó rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Nikolai Korobko ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1777.	Sergey Adolfovich DYACHKOV (Сергей Адольфович ДЬЯЧКОВ)	Feidhm: iarscairshealbhóir comh-urlámhais in Volga Dnepr Group Dáta breithe: 26.5.1959 Áit bhreithe: Réigiún Ulyanovsk, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 73280738648127 Pasuimhreacha: 7304273188, 7301381541	Bhí Sergey Dyachkov ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais (le scair 25 %) Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta, roimh tháthcheangal EAS Group. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin maidir le freastal ar choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach an Ghrúpa Volga Dnepr comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group fóirdheontais tacaíochta ó rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Sergey Dyachkov ag tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1778.	Valery Alexandrovich GABRIEL (Валерий Александрович ГАБРИЭЛЬ)	Feidhm: iarscairshealbhóir comh-urlámhais in Volga Dnepr Group Dáta breithe: 1.3.1956 nó 3.1.1956 Áit bhreithe: Starobilsk, Luhansk region, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach, Gearmánach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 732808701175 Pasuimhreacha: 7314052448, 7303853921, 719078124	Bhí Valery Gabriel ar cheann de scairshealbhóirí comh-urlámhais (le scair 25 %) Volga Dnepr Group, cuideachta ceannródaíoch sealbhaíochta aeriompróra Rúiseach, a dhéanann sainchúram d'iompar lasta trom trí chairteacha intíre agus idirnáisiúnta agus trí oibríochtaí sceidealta, roimh tháthcheangal EAS Group. Tá ról ríthábhachtach ag Volga Dnepr Group ó cuireadh tús le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin maidir le freastal ar choimpléasc tionsclaíoch míleata na Rúise agus seirbhísí aeriompair a sholáthar chun críocha míleata na Rúise. Is é Volga Dnepr Group máthairchuideachta Volga Dnepr Airlines LLC freisin. Tá cabhlach Volga Dnepr Group comhdhéanta de 12 eitleán de chineál Antonov An-124, cúig Boeing 747-8F agus cúig IL-76TD-90VD (IV). Cuireann Volga Dnepr Airlines LLC, a bhfuil aer-oibríochtaí suntasacha aige, seirbhísí iompair in earnálacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar fáil do Rialtas na Rúise, trí leictreonaic, trealamh TF agus trealamh cumarsáide a allmhairiú ó thríú tíortha atá ábhartha d'iarrachtaí na Rúise sa chogadh foghach ar an Úcráin. Mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige maidir le tacú le Cónaidhm na Rúise, fuair Volga Dnepr Group fóirdheontais tacaíochta ó rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, tá Valery Gabriel ag tacú go hábharach le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine, agus baineann sé tairbhe as an méid sin.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1823.	Vladimir Zograbovich AVETISYAN (Владимир Зограбович АВЕТИСЯН)	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC “RBA-Management” Dáta breithe: 4.5.1955 Áit bhreithe: Chelyabinsk Region, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 772005534726	Ba é Vladimir Avetisyan bunaitheoir agus Ard-Stiúrthóir LLC RBA-Management ó mhí an Mhárta 2015 agus is cosúil gur éirigh sé as a fheidhmeanna ag deireadh 2024. Is cuideachta bainistíochta Rúiseach é LLC RBA-Management a sholáthraíonn seirbhísí dlí, cuntasaíochta, slándála corparáidí agus seirbhísí bainistíochta eile, agus tá sé ag obair le custaiméirí a dhéanann speisialtóireacht ar sholáthar comhpháirteanna leictreonacha. Bainistíonn LLC RBA-Management JSC Compel a ghlacann páirt i scéimeanna allmhairiúcháin le haghaidh comhpháirteanna leictreonacha agus a sholáthraíonn comhpháirteanna micrileictreonaice atá tábhachtach go straitéiseach do thionscail de chuid na Rúise, lena n-áirítear an tionscal míleata. Ós rud é gurb é Vladimir Avetisyan Ard-Stiúrthóir agus bunaitheoir LLC RBA-Management, bhí sé freagrach as gníomhaíochtaí na cuideachta agus, dá bhrí sin, tá sé freagrach as tacú go hábharach le Rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1824.	Mikhail Rudolfovich KONTSEREV (Михаил Рудольфович КОНЦЕРЕВ)	Feidhm: Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer Dáta breithe: 11.6.1970 Áit bhreithe: Leningrad, APSS (Cathair Pheadair, Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 781400896256	Is é Mikhail Kontserev Ard-Stiúrthóir Cuideachta Comhstoic Poiblí (PJSC) TransContainer. Is cuideachta iompair Rúiseach é PJSC TransContainer, an t-oibreoir coimeádán iarnróid is mó sa Rúis, earnáil eacnamaíoch atá ag fás go leanúnach sa Rúis. Dá bhrí sin, mar Ard Stiúrthóir, tá Mikhail Kontserev bainteach leis an earnáil eacnamaíoch a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do rialtas Chónaidhm na Rúise. Cuireann PJSC TransContainer a seirbhísí ar fáil ag críochfort nua Chrios Eacnamaíoch Speisialta Alabuga. Tá crios eacnamaíoch speisialta Alabuga SEZ ag comhoibriú le hAireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine chun áit tháirgeadh mhuinisean síománaíochta Shahed a aimsiú (tugtar “Geran” ar an leagan Rúiseach). Ina theannta sin, tá baint ag Cónaidhm na Rúise le PJSC TransContainer trí Rosatom. Is é Rosatom, atá faoi úinéireacht an stáit, an príomh-scairshealbhóir i máthairchuideachta TransContainer Delo Group. Tá PJSC TransContainer ag cuidiú le forbairt Bhealach Mhuir Thuaidh an Artaigh, arb é Rosatom a oibreoir bonneagair. Éascaíonn PJSC TransContainer allmhairí earraí míleata ón tSín agus ó Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Dá bhrí sin, tá PJSC TransContainer ag tacú le Rialtas na Rúise. Dá bhrí sin, ina cháil mar Ard-Stiúrthóir PJSC TransContainer, tá Mikhail Kontserev ag tacú go hábharach le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine.	24.6.2024

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1857.	Alexey Leonidovich NEFEDOV Rúisis: Алексей Леонидович НЕФЕДОВ	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Alexey Nefedov iarArd-Stiúrthóir JSC Rosnefteflot, ar cuideachta Rúiseach é a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncaim suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá Alexey Nefedov rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint ag Alexey Nefedov le JSC Rosnefteflot.	16.12.2024
1859.	Igor Alexandrovich GANIN Rúisis: Игорь Александрович ГАНИН	Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Igor Ganin iarArd-Stiúrthóir LLC Prime Shipping, ar cuideachta Rúiseach é a iompraíonn amhola agus táirgí ola ar muir, lena n-áirítear chun críoch onnmhairithe. Soláthraíonn an earnáil fuinnimh, go háirithe an earnáil ola, ioncaim suntasach do Rialtas Chónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, bhí Igor Ganin rannpháirteach in earnáil eacnamaíoch ar foinse shuntasach ioncaim do Rialtas Chónaidhm na Rúise í, arb é an rialtas é atá freagrach as ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus díchobhsú na hÚcráine. Ina theannta sin, tá baint ag Igor Ganin le LLC Prime Shipping.	16.12.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1868.	KIM Yong Bok Cóiréis: 김영복 ar a dtugtar freisin KIM Young Bok	Feidhm: An Chéad Leas-Cheann Foirne ar Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré Áit bhreithe: Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré Náisiúntacht: An Chóiré Thuaidh Inscne: fireann	Is é Kim Yong Bok an Chéad Leas-Cheann Foirne ar Fhoireann Ghinearálta Arm Pobail na Cóiré. De réir údaráis na hÚcráine agus Phoblacht na Cóiré, imscaradh é sa Rúis le déanaí in éineacht le trúpaí Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) chun tacú le cogadh foghach na Rúise, agus is é atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar imscaradh trúpaí DPDC sa Rúis. Is ginearál trí réalta é Kim, a bhfuil taithí shuntasach aige i gceannas ar fhórsaí speisialta DPDC ar a dtugtar freisin an 11ú Cór. Bhí sé i láthair ag seacht n-imeacht ar a laghad le ceannaire DPDC, Kim Jong Un, in 2024, rud a thugann le fios go bhfuil ról tábhachtach aige in arm DPDC. Dá bhrí sin, tá Kim Yong Bok ag cur gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme agus tá sé ag tacú leo, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	16.12.2024
1902.	Alexey Vladislavovich GORSHKOV Rúisis: Алексей Владиславович ГОРШКОВ	Náisiúntacht: Rúiseach Dáta breithe: 8.11.1985 Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 525716364389 Eintitis chomhlachaithe: JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev"	Tá Alexy Gorshkov ina iarStiúrthóir Ginearálta ar JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev" ar institiúid taighde í atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil baint aici le forbairt agus táirgeadh aerfheithiclí gan foireann. Tháirg sé roinnt cineálacha éagsúla aerfheithiclí gan foireann, a ndearna nó a ndéanfaidh fórsaí armtha na Rúise tástáil orthu sa chogadh foghach ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá Alexey Gorshkov ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais nó tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. Ina theannta sin, tá sé comhlachaithe le JSC "Scientific Research Institute of Computing Complexes Named After M.A. Kartsev".	24.2.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1917.	Nshan Sergeevich GALUSTYAN Rúisis: Ншан Сергеевич Галустян ar a dtugtar freisin Mikhail Sergeevich GALUSTYAN ar a dtugtar freisin Михаил Сергеевич ГАЛУСТЯН Airméinis: Նշան Սերգեյի Գալուստյան ar a dtugtar freisin: Nshan Sergeyi Galustyan	Dáta breithe: 25.10.1979 Áit bhreithe: Sochi, Críoch Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) Náisiúntacht: Rúiseach, Airméanach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 232003782530	Is bolscaire Rúiseach é Nshan Galustyan, is é uachtarán Chónaidhm na gCluichí Míleata agus Oirbheartaíochta é agus is comhalta é de lucht bainistíochta ar an eagraíocht pharaimíleata Rúiseach dá ngairtear “All-Russia ‘Young Army’ Military Patriotic Social Movement(‘Yunarmiya’)”, eagraíocht atá faoi réir bearta sriantacha an Aontais. Is fada é ag tacú leis an Uachtarán Vladimir Putin agus lena chuid beartas agus tá leas á bhaint aige as an tóir atá air chun teachtaireachtaí agus insintí bholscaireacht na Creimile a scaipeadh. Is comhalta bainistíochta de Yunarmiya é Nshan Galustyan, eagraíocht a oibríonn brainsí réigiúnacha atá lonnaithe i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach shealadach. Ina theannta sin eagraíonn sí ócáidí tiomsaithe airgid agus gníomhaíochtaí chun tacú le comhraiceoirí atá rannpháirteach i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tacaíonn Yunarmiya agus a chomhaltaí le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus scaipeann siad bolscaireacht na Rúise maidir leis an gcogadh. Baineann Yunarmiya úsáid as an tsiombail mhíleata “Z” go poiblí, ar siombail í atá in úsáid i mbolscaireacht na Rúise chun cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur chun cinn. Thairis sin, tá Nshan Galustyan freagrach go díreach as gníomhaíochtaí na heagraíochta sin a chuireann an míleatachas chun cinn i measc óige na Rúise. Tacaíonn sé le láthair oiliúna a chruthú lena húsáid le haghaidh cluichí oirbheartaíochta míleata agus chun oiliúint a chur ar shaorálaithe le haghaidh “oibríocht mhíleata speisialta” arna déanamh ag comhraiceoirí a ghlac páirt sa chogadh ar an Úcráin. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais, agus tá sé á gcur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí agus beartais iad lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí agus na beartais sin ar an méid sin.	24.2.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1931.	Konstantin Yuryevich NIKOLAYEV Rúisis: Константин Юрьевич НИКОЛАЕВ	Feidhm: duine gnó Rúiseach Dáta breithe: 5.3.1971 Áit bhreithe: Dnipropetrovsk, APSS (an Úcráin anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 771201297011	Is duine gnó Rúiseach é Konstantin Nikolayev a bhfuil leasanna gnó aige i gcoimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Go háirithe, tá leasanna aige sna cuideachtaí Rúiseacha Promtekhnologiya LLC, ScanEx agus Tula Cartridge Plant. Oibríonn na cuideachtaí sin i gcomhar le seirbhísí míleata agus slándála na Rúise, agus soláthraíonn siad crua-earraí míleata dóibh a úsáideadh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Cuireann Konstantin Nikolayev a úinéireacht agus leas sna gnólachtaí sin i bhfolach, lena n-áirítear trína bhean chéile Svetlana Nikolayeva a cheapadh i bpoist bhainistíochta shoiléire. Thairis sin, trína ghnólachtaí, mhaoinigh sé grúpaí amhas atá ag troid ar son Chónaidhm na Rúise san Úcráin. Dá bhrí sin, tá Konstantin Nikolayev ag tacú le Rialtas na Rúise agus ag baint tairbhe as, agus tá sé ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	20.5.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2160/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1935.	Alexey Mikhaylovich YEFREMOV Rúisis: Алексей Михайлович ЕФРЕМОВ ar a dtugtar freisin Alexey Mikhaylovich EFREMOV	Feidhm: iarArd-Stiúrthóir ar State Unitary Enterprise “State Grain Operator”; teachta de chuid chomhthionól reachtach, mar a ghairtear de, réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil shealadach Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir Aitheantais Chánach: 615435962020 Eintitis chomhlachaithe: State Unitary Enterprise “State Grain Operator” (Fiontar Aonadach Stáit “Oibreoir Grán Stáit”)	Is iarArd-Stiúrthóir é Alexey Yefremov ar Fiontar Aonadach Stáit “State Grain Operator”, eintiteas atá bunaithe ag na húdaráis forghabhála i réigiún Zaporizhzhia na hÚcráine atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach. Ó 2022 i leith, tá saoráidí áitiúla talmhaíochta gráin á gcomhtháthú agus a dtáirgeadh á saothrú ag SUE “State Grain Operator”, rud a théann chun tairbhe na n-údarás forghabhála. Ó 2023 i leith, tá Alexey Yefremov ina teachta de chuid United Russia i dtionól reachtach, mar a ghairtear de, réigiún Zaporizhzhia atá faoi fhorghabháil shealadach. Dá bhrí sin, tá Alexey Yefremov ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht nó de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.5.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
